



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Treoir na Scoile Uile a Threorú Pleanáil, Cleachtas agus Ceannaireacht.

Eispéireas Foghlama Gairmiúla do Cheannairí Sinsearacha Scoile:
Dé hAoine, 24 Aibreán 2026

Joanne Parry, Sinéad Duffy & Niamh Uí Thuama
Ceannairí Foghlama Gairmiúla i dTreoir.





Achoimre ar an EFG:

Faoi dheireadh an tseisiúin seo, beidh:

1. tuiscint ag na rannpháirtithe ar a bhfreagrachtaí **ceannaireachta** maidir le treoir agus **treoir na scoile** uile (TSU)
2. soiléireacht ag na rannpháirtithe maidir le **leithdháileadh** agus **imlonnú** i dtaca le treoir.
3. **gníomhartha** ceannaireachta atá praiticiúil aitheanta **chun an soláthar atá ann do threoir a neartú.**



<https://tinyurl.com/5eyzvf48>



Athmhachnamh ar Threoir.

Cad é an t-eispéireas nó na tacaíocht maidir le treoir a d'fhéadfadh difear a dhéanamh duit agus tú i do scoláire?




Athmhachnamh | Tacaíocht | Taithí |



Cad is Treoir ann?

*'De réir sainmhínithe, tá treoir **díríthe ar an duine agus iomlánaíoch**. Tacaíonn sí le forbairt phearsanta agus shóisialta, forbairt oideachais agus forbairt gairme an duine aonair: déanann treoir daoine aonair **a éascú agus a chumhachtú cinntí eolacha agus roghanna eolacha saoil a dhéanamh**. In iar-bhunscoileanna, imríonn treoir ról suntasach i dtacú le **folláine** scoláirí agus rannchuidíonn sí le hathléimneacht inmheánach agus **athléimneacht sheachtrach a thógáil**.'*



ROÓ, Ciorclán 01/25, lch.1

- Eispéiris foghlama a chuirtear ar fáil i seicheamh forbartha
- Cabhraíonn sí le scileanna féinbhainistíochta a fhorbairt
- Tacaítear le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise

Iomlánaíoch | Ionchuimsitheach | Forbarthach | Cumhachtaithe | Teacht aniar



Cad is Treoir na Scoile ann?



Oide



Cad is Treoir na Scoile Uile ann?
Múnla na linne seo
Clár forbartha pleanáilte
Freagracht chomhroinnte na scoile uile
Á cur i láthair ar fud contanaim de thacaíocht.
Treoir do: chách | do roinnt | do roinnt bheag

‘Ciallaíonn treoir scoile uile go bhfuil ról tábhachtach ag an bpearsanra scoile ar fad (lena n-áirítear treoirchomhairleoirí, ach gan a bheith teoranta dóibh) maidir le tacú le scoláirí i ndáil lena roghanna pearsanta, sóisialta, oideachais agus gairme’.

ROÓ Ciorclán 01/2025, p.2

Freagracht chomhroinnte | Pleanáilte | Forbartha | Contanam

An Fáth a bhfuil Tábhacht le Treoir ag Leibhéal na Ceannaireachta:



Oide

*...go n-úsáidfidh scoil na hacmhainní a bheidh ar fáil di chun “a chinntiú go mbeidh rochtain ag mic léinn ar **threoir chuí** chun cabhrú leo i dtaca lena roghanna oideachais agus gairme’*

alt 9(c) den Acht Oideachais, RO (1998)

*‘Tá freagracht ar an mBord Bainistíochta agus ar fhoireann bhainistíochta na scoile a chinntiú go bhfuil an soláthar agus an cleachtas treorach sa scoil ar an **gcaighdeán is airde is féidir.**’*

RÓO, Ciorclán 01/2025, Ich.2



Rochtain | Soláthar | Maoirseacht

Sainról an Treoirchomhairleora



Oide

Naisc le BO & O, IAO
agus Comhpháirtithe
Seachtracha

Atreoruithe
Seachtracha

Foireann
Tacaíochta na
Scoláirí

Pleanáil
Treorach don
Scoil Uile



Foghlaim Treorach

Treoirchomhairleoireacht
Aonair / Ghrúpa

Margadh Saothair /
Comhairleoireacht
Ghairme

Tástáil
Shíciméadrach

*RO, An Creat um
Aitheantas Clár, 2016*

Comhlíonadh agus Leithdháileadh:



Oide

Treoirchomhairleoir Cáilithe

- Clárú na Comhairle Múinteoireachta – Bealach 2
- Cáilíocht Aitheanta sa Treoirchomhairleoireacht

Leithdháileadh maidir le Treoir:

- Bunaithe ar líon ar rolla (Múnla de chóimheas laghdaithe idir scoláireí agus múinteoir)
- Baineann an Cheannaireacht feidhm as soláthar ranga, grúpa agus aonair

Catagóir na Scoile	PTR laghdaithe
Scéim Oideachais Saor in Aisce – Neamh DEIS	18.4
Scéim Oideachais Saor in Aisce – DEIS	17.65
Scéim Oideachais Saor in Aisce – DEIS MÓIDE	17.36
Scoil táille	18.6

Ciorcláin ROÓ maidir le Socruithe Foirne, 2026, Aguisín 3



Cothromaíocht Ama



“Tríd is tríd, is ar threoir a theagasc sa seomra ranga a chaithear aon trian d’am leithdháilte an treoirchomhairleora. Cuirfeadh an dá thrian eile ar fáil do ghrúpobair, do sheisiúin duine le duine ...”

ROÓ Ciorclán 01/2025 Ich.3



‘Níor cheart an leithdháileadh treorach scoile uile a úsáid ach amháin le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le treoir scoile uile.’

Ciorcláin ROÓ maidir le Socruithe Foirne, 2026, Aguisín 3

An Áit a dTarlaíonn Treoir i Scoil:



Oide

Treoir ranga

Treoir ghrúpa

Teagasc ábhair

Struchtúir
thacaíochta do
scoláirí

Treoirchomhairliú
Aghaidh ar
Aghaidh

Eispéiris
chomhchuraclaim

Aistriú

Imeachtaí
Scoile



Cultúr | Comhoibríoch | Comhsheasmhach



Foireann Pleanála do Threoir na Scoile Uile

'Is gníomhaíocht scoile uile í an treoir ina gcruthaíonn gach scoil foireann, ina mbíonn ról ríthábhachtach ag an treoirchomhairleoir, chun plean treorach scoile uile a dhearadh agus a fhorbairt go comhoibríoch ...'

Ciorcláin ROÓ maidir le Socruithe Foirne, 2026, Aguisín 3

Is iondúil go n-áirítear:

- Ceannaireacht na Scoile
- Treoirchomhairleoir
- Baill foirne ar leith / eile



Freagrachtaí:

- Plean do threoir na scoile uile a Dhearadh agus a Fhorbairt.
- Monatóireacht ar chur i bhfeidhm
- Athbhreithniú bliantúil agus nuashonruithe

Ceannaireacht | Pleanáil | Measúnú





An Plean do Threoir na Scoile Uile (TSU)

Ní mór do Phlean do TSU:


- Leithdháileadh agus úsáid a shonrú
- An Clár TSU ar fud na mbliainghrúpaí a shonrú
- Riachtanais na scoláirí a aithníodh a chur san áireamh
- A bheith scoláirelárnach agus ionchuimsitheach do chách, do chuid daoine agus do chúpla duine
- Na struchtúir atreoraithe a leagan síos
- A bheith athbhreithnithe agus nuashonraithe go bliantúil

Ról na Ceannaireachta:

- A chinntiú go mbíonn comhleanúnachas, cothromaíocht agus acmhainní ar fáil
- Maoirseacht a dhéanamh ar an bhfoireann TSU chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar
- A chinntiú go dtugann na pleananna do na ranna ábhar faoi sholáthar do Threoir

Is nuair a chuirtear plean i bhfeidhm agus nuair a dhéantar monatóireacht agus athbhreithniú a bhíonn tábhacht leis.

Na colúin atá ag treoir na scoile uile



Freagracht chomhroinnte

Pleanáil bhliantúil atá bunaithe ar shonraí.

Contanam na tacaíochta.

Ról an Bhoird Bhainistíochta




Oide

'Ba cheart don Bhord Bainistíochta maoirseacht a dhéanamh trí athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar an bplean treorach scoile uile ar bhonn bliantúil... ba cheart don bhord machnamh a dhéanamh ar an bplean agus ar an gcaoi a gcuirtear acmhainní ar fáil dó sula nglacann sé an plean agus sula gcuireann sé an plean ar fáil don fhoireann, do thuismitheoirí agus do na scoláireí uile.'

Ciorcláin ROÓ maidir le Socruithe Foirne, 2026, Aguisín 3

Maoirseacht | Daingniú | Infheicthe



Pleanáil le haghaidh Feabhsúcháin

Comhairliúchán chun riachtanais treorach a aithint, comhpháirtithe a dtéitear i gcomhairle leo (scoláirí, tuismitheoirí, baill foirne, daoine eile)
Réimsí treorach reatha le haghaidh forbartha – spriocanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha, DEIS – an chaoi a bhfuil treoir ag cabhrú le spriocanna Meastóireacht ar Threoir – monatóireacht, athbhreithniú, meastóireacht agus tuairisciú

Saol na hOibre


Idirbhliain / Teastas Sinsearach / GCAT / an Ardteistiméireacht Fheidhmeach
Conas a eagraítear Saol na hOibre
Nósanna imeachta maidir le Tuairisciú ar Shaol na hOibre, dialann, measúnú Naisc le gnó, tionscal, intéirneachtaí Cúrsaí micridhintiúr

Tástáil Shíciméadrach

Measúnú síciméadrach (Pleananna, Dátaí, Trialacha)
Measúnuithe / Bliainghrúpaí (Naisc le Riachtanais Bhreise Oideachais/Béarla mar Dhara Teanga)
Aiseolas / Comhroinnt Sonraí / Stóráil / Oiliúint Tástáil Shíciméadrach

Polasaithe agus Nósanna Imeachta

Beartais – frithbhulaíocht, rúndacht, teagmhas criticiúil, LADTIA+
Nósanna imeachta a bhaineann le treoir (rogha ábhair / athrú leibhéil) RGCS
Rúndacht / aontú / cinnteoireacht chuidithe



Eagar

Foireann Treorach
An Roinn Treorach
Leithdháileadh Treorach
Amchlár Treorach / 1:1/ Grúpa beag
Maoirseacht Comhairleoireachta agus FGL

Clár Treorach

Pleanáil Churaclaim, Scéimeanna Oibre do Cheachtanna Treorach
Pleanáil Chomhchuraclaim Treorach
Cách, Roinnt, Beagán don tSraith Shóisearach, Idirbhliain, Sraith Shinsearach
Teagasc, Foghlaim, Measúnú – FMS agus DEIS

Tacaíocht scoláirí

Foireann Tacaíochta Scoláirí
Aipeanna Treorach, Taifeadadh Sonraí (teimpléid)
Tacaíochtaí do Thuismitheoirí, Tacaíochtaí Béarla mar Theanga Bhreise (BTB)
Naisc le comhpháirtithe inmheánacha (Riachtanais Bhreise Oideachais, OSPS, Folláine) agus le comhpháirtithe seachtracha (Rochtain)
Cumarsáid Treorach – suíomh gréasáin, aipeanna, twitter, ardán scoile

Cuimsiú

Conas a thacaítear le scoláirí (Riachtanais Bhreise Oideachais, Neamhord De Chuid Speictream an Uathachais, Treoir atá íogair ó thaobh an chultúir de, Leanaf faoi Chúram, Dídeanaithe/Daoine Easáitithe, An Lucht Siúil, Romaigh, Béarla mar Dhara Teanga, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann)
Beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le treoir chun cabhrú leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú LADTIA+



Samplaí de Ghníomhaíochtaí TSU ó Ranna Ábhar



Tábla 3: Samplaí de Ghníomhaíochtaí Treorach Scoile Uile arna nDéanamh ag an Roinn Matamaitice

Gníomhaíocht	Nasc le Treoir Scoile Uile	Treoir do gach scoláire/do roinnt scoláirí/do roinnt bheag scoláirí
Cur chun cinn na n-ábhar STEM	Déanann an Roinn Matamaitice a lán gníomhaíochtaí gach bliain chun gairmeacha in ábhair STEM a chur chun cinn. Is é atá i gceist leis sin ná cur chuige deartha uilíoch a ghlacadh agus úsáid a bhaint as acmhainní éagsúla amhail póstaerí/físeáin/feidhmchláir ríomhaire/cainteanna/turais sheachtracha, etc. Cuirtear ábhair STEM chun cinn ar fud na bliana acadúla ar fad. Dírú ar ghairmeacha in ábhair STEM Dírú ar chonairí oideachais in ábhair STEM	Gach scoláire
Seachtain na Matamaitice	Comórtas do gach scoláire: Iarrtar ar na scoláirí físeán 60 soicind a dhéanamh ina dtaispeántar "conas a úsáidtear matamaitic i ngach post"	Ar oscailt do gach scoláire, páirt a bheith á ghlacadh sa ghníomhaíocht de ghnáth ag 'roinnt scoláirí'
Athsheiceálacha/Achomhairc Ardteistiméireachta	Bíonn múinteoirí matamaitice ar fáil i mí Lúnasa/mí Mheán Fómhair gach bliain chun tacú le scoláirí atá ag imeacht agus ar mian leo plé a dhéanamh ar an ngrád a fuair siad/ar na roghanna atá acu maidir le nachomharc a dhéanamh, etc.	Ar oscailt do gach scoláire, an ghníomhaíocht a bheith á hiarraidh ag roinnt bheag scoláirí
Nascadh leis an bhfoireann tacaíochta scoláirí	Nascadh leis an bhfoireann tacaíochta scoláirí nuair is cuí	Gach scoláire
Oilimpiad na Matamaitice	Tacú le scoláirí maidir le páirt a ghlacadh in Oilimpiad Matamaitice na hÉireann agus in Oilimpiad Matamaitice Cailíní na hEorpa. Cuireann sé sin forbairt oideachais agus gairme chun cinn i réimse an oideachais.	Roinnt bheag scoláirí
Pleanáil Treorach Scoile Uile agus an Roinn Matamaitice: Déanann an Fhoireann Treorach idirchaidreamh leis an Roinn Matamaitice dhá uair gach bliain (mí Mheán Fómhair agus mí Aibreáin) chun an phleanáil a athrú chun dáta. Freastalaíonn an Roinn Matamaitice ar láithreoireacht ón Treoirchomhairleoir/ó na Treoirchomhairleoirí do gach ball foirne ar threoir scoile uile i dtús gach bliana.		

Tábla 4: Samplaí de Ghníomhaíochtaí Treorach Scoile Uile arna nDéanamh ag an Roinn Gearmáinise

Gníomhaíocht	Nasc le Treoir Scoile Uile	Treoir do gach scoláire/do roinnt scoláirí/do roinnt bheag scoláirí
Nascadh leis an bhfoireann tacaíochta scoláirí	Nascadh leis an bhfoireann tacaíochta scoláirí nuair is cuí	Gach scoláire sa scoil
Malartú Erasmus	Malartú teanga le scoil in Kloen a eagrú gach bliain	Roinnt scoláirí 5 ^ú bliain
Oíche Oscailte Scoile	Freastal ar an Oíche Oscailte Scoile chun a thaispeáint cén chuma atá ar Ghearmáinis a fhoghlaim inár scoil agus chun labhairt le tuismitheoirí agus scoláirí a bheidh sa scoil sa todhchaí agus chun ceisteanna ar an ábhar a fhreagairt, etc.	Gach scoláire atá ag teacht isteach sa chéad bhliain
Club Gearmáinise	Tacaíonn sé le gach scoláire, beag beann ar chumas agus ar aois, ar mian leo teacht le chéile chun an teanga a labhairt agus chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an ábhar. Eagraíonn na scoláirí iad féin turas ar Institiúid Goethe gach bliain. Cuireann sé sin ceannaireacht scoláirí, eolas ar an ábhar agus cinnteoireacht gairme chun cinn.	Ar oscailt do gach scoláire a fhoghlaimíonn Gearmáinis, an ghníomhaíocht a bheith á déanamh ag roinnt bheag scoláirí.
Seachtain na Nuatheangacha lasachta	Dírú ar oideachas agus oiliúint Dírú ar ghairmeacha ina n-úsáidtear Nuatheangacha lasachta	
Iarratais UCAS	Scríobhtar teistiméireachtaí do scoláirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar chúrsaí i nGearmáinis (arna iarraidh sin don scoláire)	Roinnt bheag scoláirí
Tabhair faoi deara: I ngach ceann de na gníomhaíochtaí thuasluaite, déanann an Roinn Gearmáinise idirchaidreamh leis an Treoirchomhairleoir/na Treoirchomhairleoirí de réir mar is cuí. Déantar an t-idirchaidreamh sin ar bhonn foirmiúil (e.g., ceardlanna le linn cruinnithe foirne leithdháilte/cruinnithe ullmhúcháin le haghaidh imeachtaí oifigiúla scoile) agus ar bhonn neamhfhoirmiúil in amanna.		

ROÓ NF 1/2024 Aguisín 2, p18- 19.

Samplaí de Gníomhaíochtaí TSU

Tábla 3: Samplaí den soláthar treorach scoile uile do scoláirí 2^a bliain

Gníomhaíocht	Arna soláthar ag	Treoir do gach scoláire/do roinnt scoláirí/do roinnt bheag scoláirí
<p>Treoir seomra ranga i modúil thar roinnt seachtainí (arna sainiú ag gach scoil). Is féidir go n-áireofar iad seo a leanas leis an treoir seomra ranga:</p> <ul style="list-style-type: none"> Aonad 2 de 'Guidance related learning' (a bhfuil torthaí foghlama soiléire agus Aguisín I aige), atá ar fáil trí careers portal agus trí scoilnet.ie Am ceachta a bheith ar fáil chun gníomhaíochtaí seomra ranga comhchuraclaim a eagrú, amhail aoichainteoirí, chun freastal ar riachtanais an bhliainghrúpa (arna sainiú trí shuirbhé ar scoláirí) 	<ul style="list-style-type: none"> An Treoirchomhairleoir/na Treoirchomhairleoirí agus/nó; Ball den Fhoireann Treorach, le tacaíocht ón Treoirchomhairleoir/ó na Treoirchomhairleoirí, nó; ball den fhoireann teagaisc, le tacaíocht ón Treoirchomhairleoir/ó na Treoirchomhairleoirí 	Gach scoláire
<p>Tráthnóna tuismitheoirí agus scoláirí: 'Socrú spriocanna le haghaidh mo sheala san iar-bhunscoil'</p>	<ul style="list-style-type: none"> An Treoirchomhairleoir/na Treoirchomhairleoirí agus/nó; Ball den Fhoireann Treorach, le tacaíocht ón Treoirchomhairleoir/ó na Treoirchomhairleoirí, 	Ar oscailt do gach scoláire
<p>Tasc sheachtain na ngairmeacha: Téigh faoi agallamh gairid le haosach atá ag obair. "Fiche ceist faoi do phost"</p>	<ul style="list-style-type: none"> Faoi bhainistiú ag teagascóirí ranga, le tacaíocht ón treoirchomhairleoir/ó na treoirchomhairleoirí 	Gach scoláire


Tábla 6: Samplaí den Soláthar Treorach Scoile Uile do scoláirí 5^a bliain

Gníomhaíocht	Arna soláthar ag	Treoir do gach scoláire/do roinnt scoláirí/do roinnt bheag scoláirí
<p>Treoir seomra ranga i modúil sé seachtaine nó i gceachtanna seachtainiúla</p> <p>Áirítear iad seo a leanas leis na topaicí:</p> <ul style="list-style-type: none"> Conairí agus córais iarratais in Éirinn Conairí agus córais iarratais san Eoraip Conairí agus córais iarratais i Stáit Aontaithe Mheiriceá Socrú spriocanna Tionscadal: Machnamh a dhéanamh ar cá bhfuilim anois agus ar cá háit ar mhaith liom dul chuige <p>Tugtar breac-chuntas i rannán níos déanaí den phlean treorach ar thorthaí foghlama don mhodúl sin.</p>	<ul style="list-style-type: none"> An Treoirchomhairleoir/na Treoirchomhairleoirí agus/nó; Ball den Fhoireann Treorach, le tacaíocht ón Treoirchomhairleoir/ó na Treoirchomhairleoirí, nó; ball den fhoireann teagaisc, le tacaíocht ón Treoirchomhairleoir/ó na Treoirchomhairleoirí 	Gach scoláire
<p>Scileanna staidéir agus socrú spriocanna acadúla</p>	Gach múinteoir sa chéad seachtain de mhí Dheireadh Fómhair agus sa chéad seachtain de mhí an Mhárta	Gach scoláire
<p>Meantóireacht agus faireachán acadúil</p>	Múinteoirí a thairgeann cuidiú Faoi eagrú ag an bhfoireann treorach	Ar oscailt do gach scoláire, leas a bheith á bhaint as an ngníomhaíocht ag roinnt scoláirí.
<p>Bréagagallaimh leis na scoláirí sin ar mian leo páirt a ghlacadh ann (moltar do gach scoláire páirt a ghlacadh ann)</p>	An Ceann Bliana agus múinteoirí eile, i gcomhar le Comhairle na dTuismitheoirí	Roinnt scoláirí
<p>Ullmhú do tháithí oibre do scoláirí GCAT agus machnamh uirthi</p>	An Comhordaitheoir Taithí Oibre agus Comhordaitheoir GCAT	Roinnt scoláirí
<p>Cruinnithe Treorach do na scoláirí sin a bhfuil sé de rún acu iarratas a dhéanamh ar roghanna thar lear, go háirithe iad sin a bhfuil tuilleadh gnéithe iarratais ag gabháil leo, chun gníomh leantach a dhéanamh de bhun inneachar ginearálta arna sainiú i modúil Treorach</p>	An Treoirchomhairleoir/na Treoirchomhairleoirí	Roinnt bheag scoláirí





Struchtúr a chur ar Threoir ar fud an Chontanaim



Soláthar atá pleanáilte, bunaithe ar riachtanais agus cothrom ar fud na mbliainghrúpaí



Riachtanas a aithníodh

Freagairt na Scoile

Tionchar do scoláirí



Soláthar teoranta sa tSraith Shóisearach
Taithí oibre na hIdirbhliana atá ar chaighdeán íseal
Conairí na sraithe sinsearaí atá cúng

Soláthar modúlach don tSraith Shóisearacha agus naisc ábhar.
Ullmhúchán don Idirbhliain agus taithí oibre atá struchtúrtha.
Conairí níos leithne don tSraith Shinsearach agus ionchur alumnais.

Feasacht níos mó ar na conairí.
Cinnteoireacht níos eolaí.
Conairí forbartha atá níos leithne agus níos ionchuimsithí.



TSU: Comhoibriú agus Ailíniú



Foireann tacaíochta scoláirí a aithint agus tacú léi

Rannpháirtíocht iardhaltaí agus na dtuismitheoirí maidir le conairí atá ilchineálach

Teanga choiteann á comhroinnt agus ábhar don Treoir á eagrú ag múinteoirí


Am á leithdháileadh agus á chosaint ag an gceannaireacht

Pleanáil na Scoile Uile

Turas seachas Ceann scríbe



I gcur chuige na scoile uile, bíonn ról gníomhach ag gach ball de phobal na scoile (ceannairí scoile, meánbhainistíocht, foireann teagaisc agus neamhtheagaisc, foghlaimoirí, tuismitheoirí agus pobail) agus tuigeann siad a bhfreagracht chomhroinnte.



Pleanáil do Threoir na Scoile Uile Na Chéad Chéimeanna eile a Aithint.



Is féidir úsáid a bhaint an
Leidbhileog Pleanála chun do
smaointe, do dhul chun cinn
agus do gníomhartha a dhíriú.



Is féidir an leagan seo de Leideanna Pleanála TSU a chur in eagar chun do dhul chun cinn a chúiscú agus a thoirfíodh.

**Treoir don Scoil Uile
Leidbhileog Pleanála**

Féidhmíonn an bhileog tascanna seo mar úirlis luachmhar dóibh siúd atá ag pleanáil na chéad chéimeanna eile i bpleanáil treorach na scoile uile. Is é atá i gceist leis an bpróiseas pleanála Treorach don Scoil Uile (TSU) conhoibriú gníomhach i measc príomh-rannpháirtithe laistigh de phobal na scoile chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na scoláirí aonair. Trí pháirt a ghlacadh i seimineáir ghréasáin, iarrachtaí conhoibriúchá agus forbairt ghairmiúil leainínach a bhaineann le pleanáil treorach, cothaífeáir tuisoirí níos doimhne ar nádúr casta pleanáil Treorach na scoile uile. Trí phlé comhroinnte agus réiteach fadhbanna, cabtraíonn an cur chuige seo leis an bpróiseas a dhéanamh níos inléanta agus éascaíonn sé spriocanna inghníomhaíthe a leagan síos chun riachtanais shonraítha chomhthéasa na scoile agus na scoláirí a chomhlíonadh. Tugtar achoimre sa doiciméad seo ar na céimeanna nó na gníomhartha féideartha, chun smaoineamh a chur chun cinn agus do plean Treorach don scoil uile a chruthú, á athbheithniú nó á chur chun cinn agat.

Tasc 1: Foirne Treorach na Scoile Uile

Poinní Fócais	Stádas Reatha / Trácht				
	Curtha i gcrích	Ar siúl	Ní go fóill	N/Bh	
1. I gcomhair Threoir na Scoile Uile, is é atá déanta againn:					
1. ghlac muid páirt i seimineár gréasáin Treorach na scoile uile					
2. chláraigh muid le haghaidh seisiún chomhoibriúchá i dtreoir na scoile uile					
3. d'fhorbair muid tuisoirí sholáir ar pleanáil Treorach na scoile uile.					
4. chruthaigh muid foireann pleanála Treorach don scoil uile.					
5. thug muid ról lárnach don treoirchomhairleoir ar fhoireann pleanála Treorach na scoile uile.					

1

Amchlár do Threoir a Shocrú ar fud an Chontanaim



Oide

An tSraith Shóisearach

Ní mór Treoir a sholáthar mar rang. Is féidir leis seo a bheith mar chuid den Fholláine. [cuid den 65 uair] nó lasmuigh de seo. [Ciorclán ROÓ 28/2023]

Níl uasmhéid ná íosmhéid uaireanta an chloig i bhfeidhm [ROÓ NF 09/2023]. Ní gá do Threoirchomhairleoir é a chur i láthair.

Gan aon sonraíocht churaclaim. Moltar aonaid mhodúlacha foghlama go hiondúil.



Am cosanta don tacaíocht aonair.

Is tábhachtach nach mbíonn dúbailt sna haonaid ach go mbíonn siad ag comhlánú sonraíochtaí curaclaim eile. [CNCM, Treoirlínte le haghaidh Folláine 2021]

An tSraith Shinsearach

Clár forbartha don seomra ranga atá ar chontanam na foghlama do gach scoláire agus a fhreagraíonn do riachtanais na scoláirí. [féinriar scoile].

Ráiteas an Chláir Idirbhliana 2024:

Is féidir an chomhpháirt 'Gairmthreoir' a sholáthar mar rang amháin sa tseachtain nó ranganna a bheadh sceidealaithe chun díriú ar an bhfoghlaim a bhaineann le gairmeacha nó ar imeachtaí gairm-bhainteacha i gcaitheamh na bliana.

Gan aon sonraíocht churaclaim seachas Ullmhúchán don Obair agus Gairmthreoir de chuid na hArdteistiméireachta Feidhmí. Moltar go gcuireann treoirchomhairleoir an modúl maidir le Gairmthreoir i láthair.

Aonaid mhodúlacha foghlama


Am cosanta don tacaíocht aonair agus ghrúpa

An Rud is Dea-chleachtas ann sa TSU



Inrochtana agus Ionchuisitheach

Cur Chuige na Scoile Uile




Forbarthach agus Struchtúrtha

Acmhainní ar Fáil agus Freagrúil

Soláthar Cothrom

Bíonn TSU éifeachtach pleanáilte, ionchuisitheach agus ag gach scoláire ar fud a dturais scoile





Príomhghníomhartha na Ceannaireachta

- **Comhlíonadh agus leithdháileadh** cuí a chinntiú.
- An **plean TSU** a threorú agus a **athbhreithniú** go bliantúil.
- **Cothromaíocht** a chosaint: soláthar ranga, grúpa agus aonair.
- **Freagracht chomhroinnte** TSU agus **rannpháirtíocht** san fhoireann TSU a chur chun cinn i measc na foirne.



Dá gceisteofaí scoláirí maidir le TSU i do scoil, cad é a bheadh le rá acu?

Is ionann ceannaireacht ar Threoir agus ceannaireacht ar thodhchaí na scoláirí.

Tacaíochtaí Breise



Oide



Tacaíocht Iar-bhunscoile in
Scoile

Cuir iarratas isteach



Follow us on X: @Oide_Guidance



Email: guidance@oide.ie

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers



Tagairtí

*Ciorcláin ROÓ maidir le Socruithe Foirne, 2026,
Aguisín 3*

0001/2025: Treoir in Iar-bhunscoileanna

0001/2024 Treoir Scoile Uile (NF)

*0009/2023 an Soláthar Treorach sa Scoil Uile don
tSraith Shóisearach (NF)*

*0008/2023 Treoirchomhairleoireacht phearsanta agus
shóisialta (NF)*

*0028/2023: Socruithe le haghaidh Chur Chun Feidhme
an Chreata don tSraith Shóisearach*

Suíomh ROÓ, Treoir i Scoileanna



<https://tinyurl.com/3vbt94bh>



Go raibh maith agat

*“Alone we can do so little;
together we can do so
much”.*

– Helen Keller

‘Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine’





Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Míle buíochas



info@oide.ie



www.oide.ie



[@Oide_Guidance](https://twitter.com/Oide_Guidance)

